BreastCheck

# Faisnéis thábhachtach faoi do scagthástáil cíoch

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

## Cad is scagthástáil cíoch ann?

Is éard atá i gceist le scagthástáil cíoch ná mamagram (x-gha) a ghlacadh de do chíocha. Úsáidtear é chun cuidiú le hailse cíche a bhrath nuair a bhíonn sé ró-bheag lena feiceáil nó lena mothú.

Nuair a bhraitear ailse cíche go luath, beidh sé níos éasca cóir leighis a chur uirthi agus beidh seans níos fearr teacht slán aisti.

## Cad is ailse cíche ann?

Tarlaíonn ailse cíche nuair a thosaíonn gnáthchealla cíche ag fás ar bhealach neamhghnách.

- Tá ailse cíche ar cheann de na hailsí is coitianta i measc ban in Éirinn.
- Is féidir le mná d'aon aois ailse cíche a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a éiríonn tú níos sine.
- Léirítear le taighde go bhfuil an baol níos airde go dtiocfaidh ailse cíche agus ar mhná os cionn 50 bliain d'aois agus níos sine.
- Má bhraitear ailse cíche go luath, is dócha go mbeidh sé níos éasca cóir leighis a chur uirthi.

## Cad is BreastCheck ann?

Seirbhís sláinte atá maoinithe ag an Rialtas is ea BreastCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche atá ina chuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Ciallaíonn sé seo nach gá duit íoc as.

Cuireann an clár scagthástála ailse cíche (mamagram) ar fáil do gach bean idir 50 agus 69 bliain d'aois gach dhá bhliain. Féach leathanach 4 chun tuilleadh eolais a fháil faoin tástáil seo.

Tá BreastCheck ar fáil do mhná idir 50-69 bliain d'aois. Baineann mná san aoisraon sin an tairbhe is mó as clár scagthástála cíche. Ba cheart do mhná, beag beann ar a n-aois, teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh faoi bhuarthaí a bith atá acu faoi shláinte a gcíoch.

## An gcuireann scagthástáil cosc ar ailse chíche?

Ní chuireann scagthástáil cosc ar ailse chíche. Mar sin féin, is cuidiú é ailse cíche a bhrath ag céim luath.

Ní féidir le mamagram líon beag ailsí a bhrath, ach má théann tú le haghaidh scagthástálacha ar bhonn rialta, is féidir aon athruithe a bhrath a luaithe is féidir. Ag an gcéim seo, tá sé níos éasca ailse chíche a chóireáil agus tá seans níos airde agat téarnamh go maith.

Tá scagthástálacha do mhná nach bhfuil siomptóim ailse orthu. Labhair le do dhochtúir (dochtúir teaghlaigh) a luaithe is féidir má tá aon imní nó siomptóim ort. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach breathnú ar an roinn ar na hathruithe ba cheart duit a chuardach ar leathanach 10 den leabhrán seo.

## Cá bhfuair BreastCheck mo shonraí?

Faoin Acht Sláinte (Soláthar Faisnéise), 1997, tá cead againn ainmneacha, seoltaí agus dátaí breithe na mban incháilithe a fháil ó chomhlachtaí amhail an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Sláinte, agus cuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh. Is féidir le mná incháilithe iad féin a chlárú freisin.

Coinníonn BreastCheck do chuid sonraí agus do cuid taifead sláinte sábháilte agus faoi rún. Mura mian leat páirt a ghlacadh in BreastCheck, scríobh chugainn le do thoil agus ní dhéanfaimid teagmháil leat arís.

**Spreagann BreastCheck mná lena chinntiú go bhfuil siad ar an gclár trí theagmháil a dhéanamh le BreastCheck ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó trí fhéachaint ar líne ag www.breastcheck.ie**

## Do chuid sonraí a choinneáil slán

Ní mór d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá meas againn ar do cheart chun príobháideachta agus ar chosaint do chuid faisnéise pearsanta. D'fhéadfadh sé go mbeidh orainn do thaifid sláinte a roinnt más gá chun tacú le do chúram agus le do chóireáil. Roinnfidh BreastCheck do chuid torthaí le do dhochtúir mura moltar a mhalairt.


## What is a mammogram?

Nuair a dhéantar mamagram ort, úsáidtear meaisín x-gha speisialta chun íomhá de do chíocha a fháil. Déantar do chíocha a chomhbhrú idir dhá phláta phlaisteacha leata, ceann amháin ag an am, chun an x-gha a ghlacadh. Ní mór brú a úsáid lena chinntiú go mbeidh an mamagram ar ardchaighdeán.

Leis an mbrú sin leatar an fíochán cíche ionas gur féidir linn é a fheiceáil go soiléir. Úsáidtear dáileog an-íseal radaíochta sa scrúdú mamagrafaíochta agus is mó go mór an tairbhe ná an riosca. Go deimhin, is ionann an dáileog radaíochta iarbhír agus thart ar dhá mhí de nochtadh do radaíocht chúlra a tharlaíonn go nádúrtha in Éirinn.

## An bhfuil mamagram pianmhar?

D'fhéadfadh mamagram a bheith pianmhar. Glacann an gnáthamh cúpla nóiméad agus le linn an ama sin cuirtear brú ar gach cíoch. Braitheann roinnt ban go bhfuil sé sin míchompordach nó pianmhar, ach níl aon fhianaise ann go ndéanann an brú dochar do na cíocha.




Má bhraitheann tú go bhfuil an gnáthamh ró-phianmhar, inis é sin don radagrafaí le do thoil láithreach agus stopfaidh sé nó sí.

## Leideanna úsáideacha

Caith barr agus sciorta/bríste mar go mbeidh sé níos fusa do chuid éadaí a bhaint díot. Déan iarracht gan púdar tailc nó díbholaíoch a úsáid mar go bhféadfaí go dtaispeánfaí sin ar an mamagram.

## Cá rachaidh mé do mo choinne BreastCheck?

Braitheann sé ar an áit a bhfuil cónaí ort. D'fhéadfadh do choinne a bheith in aonad BreastCheck in aice le hospidéal nó in aonad scagthástála taistil.

## Maidir le do choinne BreastCheck

- Mairfidh do choinne scagthástála suas 30 nóiméad. Ní ghlacfaidh an mamagram féin ach cúpla nóiméad. B'fhéidir go nglacadh do scagthástáil níos faide má tá ionchlannáin chíche agat.
- Má bhí mamagram agat le 12 mhí anuas ní bheimid ábalta do mhamagram scagthástála a dhéanamh. Cuir glaoch ar d'aonad scagthástála BreastCheck chun do choinne a atheagrú.
- Tá sé tábhachtach go n-inseofá dúinn má tá tacaíocht de dhíth ort chun bogadh thart nó má tá  tú faoi mhíchumas. B'fhéidir go mbeidh níos mó ama de dhíth ort le haghaidh do choinne. Tá ár n-aonad inrochtana don chuid is mó de na cineálacha cathaoireacha rothaí. Is féidir leat glao a chur ar d'aonad scagthástála má bhíonn ceisteanna agat faoi rochtain.
- Iarraimid gan duine éigin a thabhairt leat chuig do choinne mura bhfuil cuidiú breise de dhíth ort.
- Níl saoráidí leithris sna haonaid taistil. D'fhéadfadh sé nach mbeadh leithris ar fáil gar dár n-aonaid scagthástála.
- Má tá siomptoim COVID-19 nó ionfhabhtú riospráide ort – lena n-áirítear casacht, fiabhras nó scornach tinn – cuir glao orainn roimh ré agus ná freastal ar do choinne scagthástála. Lean an chomhairle sláinte poiblí i gcónaí.
- Más é seo do chéad choinne BreastCheck nó má tháinig athrú ar do shonraí teagmhála ó do choinne dheireanach, cuir glao ar ár saorghlao 1800 45 45 55 nó ar d'aonad scagthástála. Seiceálfaimid go bhfuil sonraí teagmhála cothrom le dáta againn duit.
- Tá uimhir d'aonad scagthástála BreastCheck ar fáil ar do litir choinne. Is féidir leat glao a chur orainn má bhíonn aon cheist agat faoi do choinne.

## Cad a tharlaíonn i ndiaidh an mhamagraim?

Féachaimid le torthaí do mhamagraim a phostáil chugat laistigh de thrí seachtaine. Cuirfimid in iúl duit má mholtar cuairt iarchúraim. Seolfaimid cóip de do chuid torthaí chuig do dhochtúir teaghlaigh freisin.

Iarrfar ar thart ar bhean amháin as gach 25 bean (4%) teacht ar ais le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnú) i ndiaidh na scagthástála. Bíonn imní mhór ar mhná go minic a n-iarrtar orthu teacht ar ais, agus mar sin déanann BreastCheck iarracht na rátaí athghlaoite a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Iarrfar ar mhná a bhfaightear go bhfuil rud éigin neamhghnách ar a mamagram teacht ar ais le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnú) agus meastóireacht bhreise. D'fhéadfadh sé go gcuirfear faoi bhithóipse iad, is é sin nuair a ghlactar sampla fíocháin ón gcíoch agus nuair a dhéanfar é a thástáil lena fháil amach an bhfuil sé ailseach.

Cuirtear máinliacht ar fáil mar an chéad chóireáil d'fhormhór na gcineálacha ailse cíche.

Ní bhíonn ailse ar fhormhór na mban a n-iarrtar orthu teacht ar ais le haghaidh tuilleadh tástála. Mar sin gheobhaidh thart ar 99% de na mná a chuaigh tríd an gclár BreastCheck toradh normálta. Molaimid dóibh freastal ar choinní scagthástála nuair a thugtar cuireadh dóibh i gcónaí.

## Tairbhí na scagthástála cíoch

### Scagthástáil chíche:

- sábhálann sé beatha daoine
- is féidir leis ailse cíche a bhrath go luath
- feabhsaíonn sé na rátaí marthanais ó ailse cíche.


Má bhraitear ailse chíche go luath trí scagthástálacha ar bhonn rialta:

- beidh sé níos éasca cóir leighis a chur air
- d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó roghanna cóireála ar fáil
- tá níos mó seans agat teacht slán as ailse.

# Teorainneacha le scagthástáil chíche

Ní féidir le raideolaí a insint duit le muinín iomlán go bhraith sé nó sí na mínormáltachtaí go léir.

Beidh cásanna ann nach n-aithneoidh an scrúdú mínormáltacht a d'fhéadfadh a bheith ailseach. Beidh cásanna ann freisin ina mbraithfear mínormáltachtaí a bheidh neamhdhíobhálach. Tarlaíonn sé sin i ngach clár scagthástála a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais, lena n-áirítear BreastCheck. Ar an gcúis sin, moltar duit fanacht ar an airdeall agus dul i gcomhairle le do dhochtúir teaghlaigh má bhíonn imní ar bith ort.




Tá seans beag ann go bhfaighidh tú toradh diúltach mamagraim i gcás ina bhfuil ailse ann. Tugtar toradh bréagdhiúltach air sin, agus féadann sé tarlú in aon chlár scagthástála.

Gheobhaidh thart ar bheirt as gach 1,000 bean a scrúdófar toradh bréagdhiúltach. Gheobhaidh timpeall triúr as gach 100 bean a scrúdófar toradh bhréagdhearfach.

**Ar an meán, as gach 1,000 bean ar a ndéantar scagthástáil i gcomhair ailse cíche**



**7** diagnóiseofar go bhfuil ailse orthu

gheobhaidh **993** duine acu toradh normálta.

Le **2** dhuine de na mná sin beidh ailse orthu ar deireadh nár braitheadh.

**Ródhiagnóis –** D’fhéadfaí ródhiagnóis teacht as scagthástáil. Is é sin nuair a shainaithnítear fadhbanna atá neamhdhíobhálach, agus a mbeidh cóireáil agus strus gan ghá mar thoradh air.

Uaireanta bíonn ailsí cíche le feiceáil ach bíonn siad ag céim luath. Ní féidir a rá i gcónaí cad iad na hailsí a bheidh bagrach don bheatha.

Le tuilleadh faisnéise faoi na tairbhí agus ar na teorainneacha le scagthástáil cíoch, féach www.breastcheck.ie nó cuir glao ar Shaorghlao 1800 45 45 55.

## Cad is ailse neamhionrach (DCIS) ann?

Tugtar ‘carcanóma duchta in situ’ nó DCIS go gairid, ar ailse neamhionrach. Is foirm luath ailse cíche é DCIS. D’fhéadfaí réamhailseach, réamhionrach nó ailse intraduchta a thabhairt air chomh maith.

Nuair atá DCIS ort, beidh cuid de na duchtanna bainne (cainéil i do chíche a iompraíonn bainne chuig an tsine) ailseach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cealla ailse laistigh de na duchtanna bainne (‘in situ’) agus nár scaip siad taobh istigh nó taobh amuigh de do chíoch.

Chun diagnóis DCIS a dhearbhú, beidh ort dul faoi bhithóipse, ina nglacfar píosa fíocháin cíche ó do chíoch lena scrúdú.

## An bhfuil cineálacha éagsúla DCIS ann?

Tá, is féidir iad a roinnt ina DCIS de ghrád ard, grád idirmheánach agus grád íseal. Bunaítear an grádú sin ar an gcuma a bheidh ar na cealla faoin micreascóp.

Mura ndéantar DCIS a chóireáil, d'fhéadfadh na cealla scaipeadh ó na duchtanna dul isteach san fhíochán cíche máguaird agus bheith ina ailse ionrach (ailse is féidir a scaipeadh go codanna eile den chorp). Is lú an seans go mbeidh DCIS de ghrád íseal ina ailse ionrach ná a bheidh DCIS ardghrád.

Ní fhorbróidh gach bean ar a bhfuil DCIS ailse ionrach, fiú mura gcuirtear cóir leighis uirthi. Ach ní féidir a rá cé acu DCIS a bheidh ina ailse ionrach agus cé acu ceann nach mbeidh. Mar thoradh air sin, cuirfear cóireáil ar roinnt ban le haghaidh DCIS nach mbeadh ina ailse ionrach choíche.

## Cad é a chuireann tú i mbaol ailse cíche?

Léirítear le taighde gur féidir leis na tosca seo a leanas tú a chur i mbaol ailse chíche:

- más bean thú (is féidir le fir ailse cíche a fháil, ach is annamh a tharlaíonn sé sin)
- éirí níos sine
- stair ailse cíche i do theaghlach
- do stíl mhaireachtála, mar shampla ag ól an iomarca alcóil, a bheith róthrom i ndiaidh an mheanapáis, nó gan a dhóthain aclaíochta a dhéanamh.

Fiú nuair a rinneadh scagthástáil ort, ba chóir duit coinneáil feasach faoi do chíocha agus scrúdú rialta a dhéanamh ar do chíocha chun aon athruithe a bhrath.

## Bí feasach faoi do chíocha

Is cuma cén aois thú, tá sé tábhachtach a bheith feasach faoi do chíocha i gcónaí.

- Bíodh a fhios agat cad atá normálta do do chorp.
- Bíodh a fhios agat cad iad na hathruithe ba chóir bheith ag faire amach dóibh.

## Cad iad na hathruithe ba chóir dom a lorg?

- aon chnapáin nó ramhrú neamhghnách i do chíoch
- loigíní, roic nó deirge ar an gcraiceann
- sine a bhfuil an chuma air go bhfuil sí tarraingthe isteach nó leacaithe
- gríos nó craiceann calógach nó screamhach thart ar an tsine
- athrú ar mhéid nó ar chruth do chíche
- at i d'ascaill nó thart ar do chnámh smiolgadáin.

**Tábhachtach: Tarlaíonn athruithe ar do chíche ar go leor cúiseanna. Tá an chuid is mó acu neamhdhíobhálach, ach ba cheart duit aon athrú a sheiceáil. Má tá aon imní ort nó má thugann tú faoi deara aon athruithe, tabhair cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh gan mhoill, fiú má bhí mamagram agat le déanaí.**

## Is maith an rud é dreas caint a bheith agat

Má bhíonn aon cheist agat, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach labhairt faoi BreastCheck le do theaghlach agus le do chairde – go háirithe duine a d'úsáid an tseirbhís cheana féin. Is féidir leat glao a chur orainn saor in aisce freisin ar 1800 45 45 55.

## Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, ionraic, tráthúil agus trédhearcach sna cásanna seo a leanas:

- má tharlaíonn rud ar bith mícheart le do chúram
- má tharlaíonn díobháil duit mar thoradh ar do chúram
- má cheapaimid gur tharla díobháil.

Ciallaíonn sé sin go gcoinneoimid ar an eolas thú go hiomlán maidir leis na fíricí agus na sonraí faoi do rannpháirtíocht sa Chlár Scagthástála Cíoch.

## Do thoiliú a thabhairt

Nuair a fhreastalóidh tú den chéad uair le haghaidh mamagram scagthástála cíoch iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt trí fhoirm a shíniú roimh an tástáil. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do thoiliú a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a chur ar an bhfoirm os comhair radagrafaí. Is féidir an toiliú sin a tharraingt siar tráth ar bith, fiú má bhíonn an mamagram tosaithe.

Deimhnítear an méid seo a leanas leis an fhoirm shínithe:

- gur insíodh duit faoi scagthástáil cíoch, faoin na tairbhí agus faoi na teorainneacha atá leis
- go dtuigeann tú an fhaisnéis sin
- gur sheiceáil tú go bhfuil d’ainm, do sheoladh agus sonraí eile i gceart, ionas gur féidir linn leanúint le cumarsáid a dhéanamh leat
- go gceadaíonn tú dúinn do chuid faisnéise pearsanta agus staire scagthástála a fháil, a choinneáil agus a mhalartú leo siúd a sholáthraíonn an clár, le do dhochtúir teaghlaigh agus le Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann.


**Cuimhnigh: Ní féidir ach leat féin toiliú a thabhairt le páirt a ghlacadh inár gclár. Is féidir leat do thoiliú a aistarraingt ag am ar bith trí theagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@bowelscreen.ie nó trí ghlao ar Shaorghlao 1800 45 45 55.**

**Má tharraingíonn tú an toiliú siar, ní rachaimid i dteagmháil leat faoin gclár scagthástála cíoch amach anseo.**

## Scagthástáil? Is fútsa atá sé

Is fút féin atá sé más mian leat nó nach mian leat an scagthástáil BreastCheck a dhéanamh. Tá an ceart agat glacadh leis an gcuireadh ó BreastCheck nó diúltú dó. D'fhéadfá freisin glacadh le cuireadh chun scagthástála, ach d'intinn a athrú níos déanaí.

Tá sé mar aidhm le gach scagthástáil cothromaíocht a fháil idir na tairbhí féideartha agus na teorainneacha féideartha. Caithfidh tú an chothromaíocht sin a chinneadh tú féin.



**Tairbhí**

D'fhéadfadh scagthástáil do shaol a shábháil ó ailse chíche.

**Teorainneacha**

D'fhéadfadh cóireáil le haghaidh ailse nach n-éireodh bagrach don bheatha bheith mar thoradh ar scagthástáil.

## Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, le clárú nó le seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, tabhair cuairt ar www.breastcheck.ie nó ar Shaorghlao ar 1800 45 45 55.

### Central Office
Teach Óstaí an Rí,
200 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 865 9300
Saorghlao: 1800 45 45 55
Ríomhphost: info@breastcheck.ie

### Aonad Eccles
36 Bóthar Eccles, Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 882 6200
Ríomhphost: eccles@breastcheck.ie

### Aonad Mhuirfean
Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 223 5800
Ríomhphost: merrion@breastcheck.ie

### Aonad an Deiscirt
Bóthar na hOtharlainne, Corcaigh
Teil: 021 464 9700
Ríomhphost: southern@breastcheck.ie

### Aonad an Iarthair
Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
Teil: 091 580 600
Ríomhphost: western@breastcheck.ie

### Tuilleadh eolais
Chun tuilleadh eolais a fháil, le clárú nó le seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, tabhair cuairt arwww.breastcheck.ie nó cuir glao ar Shaorghlao 1800 45 45 55.

## Do chuid nótaí

**Do chuid nótaí**

Ríomhphost: info@breastcheck.ie Saorghlao: 1800 45 45 55

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

BC/COM/004 Rev 8 HSS01404